






sa o r á n a c h t á i t i ú i l a g u s d h o m h a n d a

nótaí múinteoirí aonaid 7, 8 agus 9



ÁBHAR

	Leathanach
Daonlathas agus Rannpháirtíocht Ghníomhach - Réamhrá	3
Aonad 7: Cad is Daonlathas Ann?	7
Aonad 8: Cad é mar is Féidir Liom bheith Rannpháirteach?	15
Aonad 9: Cad Chuige a Bhfuil Rialacha Agus Dílthe De Dhíth?	27
Achoimre 1: An Saoránach Éifeachtach!	39
Achoimre 2: Fios...Mothú...Gníomh	41
Faisnéis Do Mhúinteoirí:	
Aguisíní	
Aguisín 1: Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Pháiste - Faisnéis agus Ceisteanna Coitianta	43
Aguisín 2: Cad is Rannpháirtíocht Ann?	47
Aguisín 3: Dréimire na Rannpháirtíochta	48
Aguisín 4: Straitéisí Drámaíochta	49
Aguisín 5: Scríbhneoirí	50
Aguisín 6: Buíochas	51

DAONLATHAS AGUS RANPHÁIRTÍOCHT GHNÍOMHACH - RÉAMHRÁ

Maidir leis an Áis Seo

Is é cuspóir na háise seo ná tacú le múinteoirí agus lena scoileanna chun tabhairt faoi na moltaí don tSaoránacht Áitiúil agus Dhomhanda atá sa churaclam d'Eochairchéim 3. Pléann sí leis an eochairthéama **Daonlathas agus Rannpháirtíocht Gníomhach** agus leanann ar aghaidh ó na háiseanna eile a phléann leis na téamaí **Ilchineálacht agus Cuimsitheacht, Comhionannas agus Ceartas Sóisialta** agus **Ceartha Daonna agus Freagracht Shóisialta**.

Ó tharla gur croíthéama é Ceartha Daonna agus Freagracht Shóisialta in Eochairchéim 3, tugtar na coincheapa seo chun suntais chomh maith sna gníomhaíochtaí a bhaineann le Daonlathas agus Rannpháirtíocht Gníomhach. Ainneoin nár scríobhadh an áis seo go sonrach do Shaoránacht Áitiúil agus Dhomhanda ag Eochairchéim 4, d'fhéadfaí í a úsáid chomh maith mar intreoir fhiúntach do na buntéamaí seo ag Eochairchéim 4.

Is é atá san áis seo ná **an méid is lú atá riachtanach** chun imscrúdú a dhéanamh ar an bhuntéama **Daonlathas agus Rannpháirtíocht Gníomhach**. Níl sé i gceist go nglacfaí leis gur áis dheifnídeach ar Shaoránacht Áitiúil agus Dhomhanda í. Moltar do scoileanna cur leis an áis de réir mar a fhóireann do riachtanais agus do spéiseanna a gcuid daltaí féin trí, mar shampla, áiseanna ábhartha ó ghníomhaireachtaí seachtracha, shaincheisteanna reatha ó na meáin chumarsáide agus scéimeanna oibre dá gcuid féin, srl.

Leagan Amach na hÁise

Tá trí aonad san áis. Pléann gach aonad le bunchoincheapa. Seo thíos cur síos gairid orthu:

Aonad 7: Cad Is Daonlathas Ann?

- Cad é mar a dhéantar cinní?
- Cad iad saintréithe bunúsacha an daonlathais?
- Cad é mar a fheidhmíonn an daonlathas le fírinne?

Aonad 8: Cad é mar Is Féidir Liom bheith Rannpháirteach?

- Cad é a chuireann cearta daonna in iúl faoi rannpháirtíocht?
- Cad é atá i gceist le rannpháirtíocht?
- Cad é mar is féidir liom bheith rannpháirteach ar scoil?
- Cad é mar is féidir liom bheith rannpháirteach sa tsochaí?

Aonad 9: Cad Chuige a bhfuil Rialacha agus Dlíthe De Dhíth?


- Cad chuige a bhfuil dlíthe de dhíth?
- Cad iad na dlíthe sonracha a théann i bhfeidhm ormsa?
- Cén éifeacht a bhíonn ann ar an phobal má sháraítear dlíthe?
- Cad é mar a chuirtear dlíthe i bhfeidhm?
- Cé a chosnaíonn na caomhnóirí?

Chomh maith leis seo, ag tús gach aonaid, déantar achoimre ar an aonad mar **léarscáil choincheap**. Tugann an léarscáil forbheathnú gasta ar an dóigh ar féidir na bunchoincheapa a imscrúdú agus a fhorbairt trí úsáid a bhaint as na gníomhaíochtaí ábhartha a chuirtear ar fáil. Anseo thíos tá na léarscáileanna coincheap do na trí aonad a bheidh á n-imscrúdú san áis.


AONAD 7: CAD IS DAONLATHAS ANN?

Eochairchoincheapa	Forbairt Choincheap	Eochairghníomhaíochtaí
Cad é mar a dhéantar cinní?	Ag obair le chéile Ag éisteacht Ag teacht ar chomhaontú Ag idirbheartú	7.1 Cinní! Cinní!
Cad iad saintréithe bunúsacha an daonlathais?	Rannpháirtíocht Riail an Dlí Comhionannas Cearta daonna á gcur chun cinn	7.2 Rás chun an Daonlathais 7.3 Luascán an Daonlathais
Cad é mar a fheidhmíonn an daonlathas le fírinne?	Deiseanna Dúshláin Daonlathas á shainmhíniú	7.4 Cé Chomh Daonlathach?

AONAD 8: CAD É MAR IS FÉIDIR LIOM BHEITH RANNPHÁIRTEACH?



AONAD 9: CAD CHUIGE A BHFUIL RIALACHA AGUS DLÍTHE DE DHÍTH?



AONAD 7

CAD IS DAONLATHAS ANN?

LÉARSCÁIL CHOINCHEAP

AONAD 7: CAD IS DAONLATHAS ANN?

Eochairchoincheapa	Forbairt Choincheap	Eochairghníomhaíochtaí
Cad é mar a dhéantar cinní?	Ag obair le chéile Ag éisteacht Ag teacht ar chomhaontú Ag idirbheartú	7.1 Cinní! Cinní!
Cad iad saintréithe bunúsacha an daonlathais?	Rannpháirtíocht Riail an Dlí Comhionannas Cearta daonna á gcur chun cinn	7.2 Rás chun an Daonlathais 7.3 Luascán an Daonlathais
Cad é mar a fheidhmíonn an daonlathas le fírinne?	Deiseanna Dúshláin Daonlathas á shainmhíniú	7.4 Cé Chomh Daonlathach?

GNÍOMHAÍOCHT 7.1 – CINNÍ! CINNÍ!

Na háiseanna atá de dhíth

- Áis dalta 7.1 Cásanna cinnteoireachta

Míniú

Mínigh do na daltaí go gcaithfear an Chairt Ranga a athbhreithniú agus go bhfuil siad chun fiosrú faoin dóigh is fearr leis an athbhreithniú a dhéanamh agus lena chinntiú go mbeidh cead ag cách tuairimí a nochtadh.

Cur chuige

- 1 Roinn an rang ina ghrúpaí de chúigear nó sheisear. Tabhair ceann amháin de na cásanna Cinnteoireachta do gach grúpa agus iarr orthu smaoineamh ar láidreachtaí agus laigí an cháis.
- 2 Iarr ar gach grúpa aiseolas a thabhairt ar na láidreachtaí agus na laigí a bhaineann leis an chineál cinnteoireachta acu.
- 3 Cuir plé ranga ar bun le teacht ar chomhaontú maidir leis an chineál cinnteoireachta is cothroime chun an Chairt Ranga a athbhreithniú. Pléigh na cúiseanna atá taobh thiar den rogha seo.
- 4 Iarr ar an rang babhta tobsmaointe a dhéanamh ar na hathruithe ba mhaith leo a chur isteach sa Chairt Ranga. D'fhéadfaí an Chairt Ranga a leasú ansin tríd an phróiseas cinnteoireachta atá roghnaithe ag an rang a chur i bhfeidhm.

Conclúid

Mínigh do na daltaí go bhfuil dóigheanna difriúla cinnteoireachta ann agus go bhfuil cuid acu níos cothroime ná a chéile. Roghnaigh siad an dóigh ba chothroime, dar leo, leis an Chairt Ranga a athbhreithniú. Iarr ar na daltaí smaoineamh ar chásanna ar fóirsteanáí dóigheanna eile cinnteoireachta a chur i bhfeidhm. D'fhéadfá iad a spreagadh le bheith ag smaoineamh ar a phraiticiúla atá cuid de na dóigheanna seo.

Ar deireadh, iarr ar na daltaí smaoineamh ar na scileanna a bhí in úsáid acu sa ghníomhaíocht seo, mar shampla:

- Scileanna éisteachta
- Ag cur ceisteanna
- Ag obair le chéile le fadhbanna a réiteach
- Idirbheartú le teacht ar chomhaontú
- Gan ligean do dhuine amháin an ghníomhaíocht a bheith faoina smacht aige/aici
- Ag glacadh leis go bhfuil barúlacha difriúla ann
- Ag foghlaim faoin dóigh chun é/í féin a iompar i ngrúpa
- Cead cainte a thabhairt do chách

Mínigh dóibh gur scileanna tábhachtacha iad seo agus gur chóir iad a úsáid i bpróisis dhaonlathacha.

GNÍOMHAÍOCHT 7.2 – RÁS CHUN AN DAONLATHAIS

Na háiseanna atá de dhíth

- Áiseanna Dalta
 - **7.2a** Teimpléad de charr
 - **7.2b** Clár cluiche
 - **7.2c** Cátaí cluiche
 - **7.2d** Treoracha cluiche
 - **7.2e** Teimpléad de Bhratach Ráis
 - Díslí

Míniú

Meabhraigh do na daltaí an ghníomhaíocht a chuaigh roimhe agus cad é mar a tháinig siad ar dhóigh chothrom chinnteoireachta. Mínigh dóibh go dtabharfar eolas breise dóibh sa ghníomhaíocht seo faoin dóigh ar féidir le sochaí feidhmiú go cothrom agus ar féidir deis a bheith ag cách páirt a ghlacadh.

Cur chuige

- 1 Roinn an rang ina ghrúpaí de cheathrar agus mínigh dóibh go mbeidh cluiche á imirt acu a chuideoidh leo an bhrí atá leis an fhocal "daonlathas" a thuiscint.
- 2 Iarr ar gach duine carr a roghnú agus é a ainmniú. Beidh an carr seo in iomaíocht le carranna eile i gcluiche darb ainm "An Rás chun Daonlathais". Is é an carr is cóngaraí don cheann sprice nó is túisce a thrasnaíonn é an buaiteoir.
- 3 Tabhair amach an clár cluiche, na cátaí cluiche agus na treoracha. Fág am ag na daltaí an cluiche a imirt.
- 4 Agus na ceisteanna seo a leanas in úsáid, déan achoimre ar a bhfuil foghlamtha ag na daltaí faoi shaintréithe an daonlathais:
 - Cad iad na rudaí atá ina gcuidiú agat chun daonlathas a bhaint amach?
 - Cad iad na rudaí atá ina mbac ort chun daonlathas a bhaint amach?

Conclúid

Iarr ar na daltaí na cúig shaintréith is tábhachtaí den daonlathas a liostú agus iad a thaifeadadh ar an teimpléad de Bhratach Ráis atá ar fáil. Mínigh dóibh go mbeidh siad ag cur leo nó á leasú de réir mar a oibríonn siad tríd an aonad.

GNÍOMHAÍOCHT 7.3 - LUASCÁN AN DAONLATHAIS

Na háiseanna atá de dhíth

- Áis dalta 7.3 Teimpléad de luascmhéadar

Míniú

Meabhraigh do na daltaí an ghníomhaíocht a chuaigh roimhe agus mínigh dóibh go mbeidh an saol mar atá dáiríre i ndaonlathas á imscrúdú acu sa ghníomhaíocht seo. Ag deireadh na gníomhaíochta beidh deis acu a saintréithe daonlathais a leasú.

Cur chuige

- 1 Roinn na daltaí ina gcúig ghrúpa agus tabhair Luascmhéadar do gach grúpa.
- 2 Léigh ráiteas ón liosta atá ar fáil agus iarr ar gach grúpa a shocrú cá háit a suífeadh an Luascmhéadar acu mar fhreagairt ar an ráiteas. D'fhéadfaí teorainn ama chinnteoireachta a thabhairt do na grúpaí.
- 3 Faigh aiseolas ó gach grúpa ar an áit ar chuir siad an Luasmhéadar acu. Cuir na freagraí difriúla i gcomparáid lena chéile.
- 4 Déan an próiseas arís do na ráitis eile.

Conclúid

Tarraing an plé le chéile leis na pointí seo a leanas a chur in iúl :

- 1 Níl daonlathas foirfe ann
- 2 Glactar leis gurb é an cineál cinnteoireachta a bhaineann leis an Daonlathas an cineál cinnteoireachta is cothroime dá bhfuil ann.
- 3 Tig linn bheith ag obair i dtreo an daonlathais ach, le firinne, is doiligh é a bhaint amach

Fág deis ag na daltaí a saintréithe daonlathais ar an teimpléad den Bhratach Ráis acu a leasú.

RÁITIS SHAMPLACHA DON GHNÍOMHAÍOCHT LUASCÁN AN DAONLATHAIS

1 I ndaonlathas, bíonn cead cainte ag cách.

Cuir leis: *Cad faoi dhaoine óga sa tsochaí? Cad faoi na grúpaí imeallaithe sa tsochaí?*

2 I ndaonlathas is féidir leat do rogha rud a rá.

Cuir leis: *Cad faoi rudaí ciníocha nó seicteacha a deir daoine? Cad faoi rudaí a deir daoine agus a ghríosaíonn daoine chun foréigin?*

3 I ndaonlathas is é an tromlach a dhéanann cinní.

Cuir leis: *An gciallaíonn sé seo nach n-éistear le hionadaithe mionlaigh? An dtig leat smaoineamh ar chásanna nuair nár éisteadh le barúlacha grúpaí mionlaigh?*

4 I ndaonlathas, bíonn cead vótála ag cách.

Cuir leis: *Cad faoi phríosúnaigh, dhaoine faoi bhun 18, bhail de Theach na dTiarnaí, dhaoine a chuirtear i roinn ar leighligh in ospidéal i ngeall ar ghalarr meabhrach, dhaoine nár chláraigh le vótáil?*

5 I ndaonlathas, tógann sé barraíocht ama teacht ar chinní.

Cuir leis: *An drochrud é go gcaitear am ar phróiseas na cinnteoireachta? Cad iad na buntáistí don tsochaí a oiread daoine agus is féidir a bheith páirteach i bpróiseas na cinnteoireachta?*

6 Is daoine sásta iad daoine a chónaíonn i ndaonlathas.

Cuir leis: *An bhfuil cásanna ann ar fud an domhain ina bhfuil fíorchruatan eacnamaíoch agus sóisialta ag daoine a chónaíonn i dtíortha a dtugtar tíortha daonlathacha orthu?*

7 Tá na daonlathais uile go maith.

Cuir leis: *An tíortha daonlathacha dáiríre iad na tíortha uile a dtugtar tíortha daonlathacha orthu? An eol duit aon tír dhaonlathach ina gcaitear go dona le daoine, msh daoine á gcur i bpríosún gan triail, reachtaíocht fhrithsceimhlitheoireachta, srl.?*

GNÍOMHAÍOCHT 7.4 – CÉ CHOMH DAONLATHACH?

Na háiseanna atá de dhíth

- Áiseanna dalta
 - **7.4a** Cás-staidéar
 - **7.4b** Leathán rangaithe
 - **7.4c** Teimpléad de choiscéim

Míniú

Agus an teimpléad de Bhratach Ráis in úsáid, achoimrigh saintréithe bunúsacha an daonlathais. Mínigh dóibh go mbeidh orthu tír shamhailteach a rangú sa ghníomhaíocht seo de réir mar cé chomh daonlathach, dar leo, atá sí.

Cur chuige

- 1 Roinn an rang ina ghrúpaí de cheathrar nó chúigear agus tabhair an cás-staidéar do gach grúpa. Iarr ar na daltaí é seo a léamh go cúramach.
- 2 Iarr ar gach grúpa an Leathán Rangaithe a úsáid lena léiriú cad é mar a sheasann an tír seo maidir le saintréithe áirithe an daonlathais.
- 3 Iarr ar gach grúpa aiseolas a thabhairt ar a scór iomlán agus míniú a thabhairt ar na cúiseanna a bhí lena rogha.
- 4 Iarr ar gach dalta aonair smaoineamh ar dhóigheanna a mbeadh an tír níos daonlathaí. Iarr orthu a gcuid moltaí a thaifeadadh ar an teimpléad de Choiscéim. D'fhéadfaí é seo a chur ar taispeánt sa seomra ranga.

Conclúid

Iarr ar na daltaí an liosta acu de shaintréithe an daonlathais a leasú. Achoimrigh a gcuid moltaí lena chinntiú go sainaithneofar na saintréithe seo a leanas go soiléir:

- Rannpháirtíocht
- Riail an dlí
- Comhionannas
- Cearta Daonna

Cuir na ceithre smaoineamh ar taispeánt thart ar na taobhanna den teimpléad de Bhratach Ráis ó Ghníomhaíocht 7.2.

Ar deireadh, iarr ar na daltaí smaoineamh ar shainmhíniú tapa den fhocal "daonlathas" tríd an ráiteas seo a leanas a chomhlánú, gach duine ar a sheal: "Is é is daonlathas ann..."

AONAD 8

CAD É MAR IS FÉIDIR LIOM BHEITH RANNPHÁIRTEACH?

LÉARSCÁIL CHOINCHEAP

AONAD 8: CAD É MAR IS FÉIDIR LIOM BHEITH RANNPHÁIRTEACH?

Eochairchoincheapa	Forbairt Choincheap	Eochairghníomhaíochtaí
Cad é a chuireann cearta daonna in iúl faoi rannpháirtíocht?	CNACP Ailt 12,13,15	8.1 Rannpháirtíocht i bPictiúir
Cad is rannpháirtíocht ann?	Meicníochtaí le haghaidh rannpháirtíochta	8.2 Rannpháirtíocht mar Sprioc
Cad é mar is féidir liom bheith rannpháirteach ar scoil?	Leibhéil rannpháirtíochta Barúlacha a nochtadh Cinní a roinnt le daoine fásta	8.3 Labhair Amach! (Rannpháirtíocht ar Scoil) 8.4 Dréimire na Rannpháirtíochta (I) 8.5 Dréimire na Rannpháirtíochta (II)
Cad é mar is féidir liom bheith rannpháirteach sa tsochaí?	Gníomhaíocht á meas: Oiriúnacht Praiticiúlacht Éifeachtúlacht	8.6 Gníomh á Bheartú 8.7 Gníomh á Dhéanamh

GNÍOMHAÍOCHT 8.1 – RANPHÁIRTÍOCHT I BPICTIÚIR

Léigh Aguisín 1 sula dtosaíonn tú ar an ghníomhaíocht seo le dul i dtaithe ar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Pháiste (CNACP).

Na háiseanna atá de dhíth

- Áiseanna dalta
 - **8.1a** CNACP Ailt 12, 13 agus 15
 - **8.1b** Teimpléad de mhúrmhaisiú

Míniú

Iarr ar dhaltaí ar féidir leo de chearta páiste ón CNACP a thabhairt chun cuimhne. Taifead iad seo ar an chlár. Meabhraigh do na daltaí obair atá déanta acu in Aonad 3: Gníomhaíocht 3.4b, mar ar chnuasaigh siad na cearta atá liostaithe sa CNACP isteach sna catagóirí seo a leanas: marthanas, forbairt, cosaint, agus rannpháirtíocht. Agus na moltaí acu ar an chlár in úsáid, déan léaráid de gach ceann de na catagóirí seo. Abair leis na daltaí gur cearta rannpháirtíochta a bheidh á n-imscrúdú acu sa ghníomhaíocht seo.

Cur chuige

- 1 Roinn na daltaí ina ngrúpaí de cheathrar. Tabhair ceann amháin d'ailt CNACP do gach grúpa. Déan cinnte de go dtuigeann siad cad é atá i gceist leis an alt.

D'fhéadfá na ceisteanna seo a leanas a úsáid chun cuidiú leis na daltaí:

Alt 12

- Cad iad na saincheisteanna, a mbíonn éifeacht acu ort féin, a mbeadh de cheart agat labhairt fúthu, dar leat?
- Cad é mar is féidir leat do bharúlacha ar shaincheisteanna a mbíonn éifeacht acu ort a chur in iúl do dhaoine fásta?
- An síleann tú go mbíonn na daoine fásta uile ag éisteacht leat?

Alt 13

- An bhfuil sé furasta duit faisnéis ort féin a rochtain?
- Cén cineál faisnéise ba chóir a mbeadh rochtain agat uirthi, dar leat?
- An bhfuil aon chineál faisnéise, dar leat, nár chóir go mbeadh rochtain ag daoine óga uirthi?

Alt 15

- Cad iad na heagraíochtaí lena bhfuil tú cláraithe?
 - An bhfuil go leor cineálacha eagraíochtaí ann le haghaidh daoine óga?
 - Cén toradh a bhíonn le do thuairimí sna grúpaí lena bhfuil tú páirteach?
- 2 Agus an teimpléad de mhúrmhaisiú in úsáid, iarr ar gach grúpa múrmhaisiú a dhearadh chun brí a ailt a léiriú trí cheachtar acu irisí/pictiúir nó ábhair líníochta a úsáid (ina áit sin d'fhéadfá iarraidh ar na daltaí íomhánna a fháil trí TFC a úsáid). **Íomhánna amháin atá ceadaithe - tá cosc ar fhocail.**
 - 3 Agus an múrmhaisiú déanta ag grúpa, tig leo an múrmhaisiú a chur ar aghaidh go dtí an chéad ghrúpa eile nó bogadh ar aghaidh go dtí an chéad tábla eile.
 - 4 Iarr ar na daltaí amharc ar mhúrmhaisiú an ghrúpa eile agus roinnt barúlacha ar a bhfuil á léiriú sa mhúrmhaisiú a thabhairt.
 - 5 Iarr ar gach grúpa múrmhaisiú na ngrúpaí eile a mhíniú don chuid eile den rang.

Conclúid

Cuir na trí alt ón CNACP ar taispeáint agus déan cinnte de go dtuigeann na daltaí cad is brí leo. Fiafraigh de gach dalta cad chuige, dar leis/léi, go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh daoine óga rannpháirteach i ndaonlathas.

GNÍOMHAÍOCHT 8.2 - RANPHÁIRTÍOCHT MAR SPRIOC

Na háiseanna atá de dhíth

- Áiseanna dalta
 - **8.2a** Spriocleathán (A3)
 - **8.2b** Ráitis
 - Sraith d'ocht marcóir de dhathanna difriúla

Roimh an cheacht


Déan ocht gcóip den spriocleathán. Roghnaigh ocht ráiteas ó 8.2b, nó, más mian leat, scríobh do chuid ráiteas féin agus ceangail ráiteas difriúil de bharr gach spriocleatháin le Blútac nó glíú.

Míniú

Meabhraigh do na daltaí cearta rannpháirtíochta, go háirithe Alt 12 ón ghníomhaíocht a chuaigh roimhe. Mínigh do na daltaí go n-iarrfar orthu sa ghníomhaíocht seo a shocrú a thábhachtaí atá sé dóibh a bheith rannpháirteach i rudaí áirithe seachas i rudaí eile.

Cur chuige

- 1 Roinn an rang ina ocht ngrúpa agus tabhair dath difriúil mar ainm ar gach grúpa (.i. grúpa gorm, dearg, glas, flannbhuí, dubh, buí, donn, corcra, srl.). Tabhair marcóir den dath sin do gach grúpa.
- 2 Tabhair cóip den Spriocleathán agus ráiteas do gach grúpa.
- 3 Iarr orthu an ráiteas a phlé agus a shocrú cé acu a:

Aontaíonn siad go láidir	Aontaíonn siad i bPáirt	Easaontaíonn siad
		
- 4 Agus an cinneadh déanta acu, iarr orthu an freagra a thaispeáint ar an sprioc trí thic **shingil** a chur sa roinn chuí den sprioc, agus an marcóir daite acu in úsáid.
- 5 I ndiaidh cúig nóiméad, iarr ar na daltaí a spriocleathán a chur ar aghaidh go dtí an chéad ghrúpa eile. Déan an ceacht arís go dtí go mbeidh gach spriocleathán feicthe ag gach grúpa.
- 6 Agus a spriocleathán féin ag gach grúpa arís, ba chóir dóibh raon na bhfreagraí a phlé agus a leatháin a chur ar taispeáint ansin le go bhfeicfidh gach duine iad.
- 7 Úsáid na ceisteanna seo a leanas in idirphlé ranga:
 - An raibh an bharúil chéanna ar gach ráiteas ag gach duine sa rang?
 - Cé na ráitis is mó a raibh an bharúil chéanna ag an rang orthu?
 - Cé na ráitis is mó a raibh barúlacha difriúla ag an rang orthu?
- 8 I gcás na ráiteas is mó a raibh barúlacha difriúla orthu, roghnaigh raon de bharúlacha agus déan iarracht teacht ar dhearcadh comhaontaithe.

Conclúid

Iarr ar na daltaí na dóigheanna difriúla rannpháirtíochta a liostú in ord, ag tosú leis an cheann is éifeachtaí. Féadann daltaí smaointe, seachas iad siúd a bhí á scrúdú acu, a chur chun cinn. Taifead iad seo ar leathán smeach-chairte faoin teideal "Dóigheanna a dTig Linn Bheith Rannpháirteach"

Léigh **Aguisín 2** le faisnéis bhreise ar rannpháirtíocht a fháil.

GNÍOMHAÍOCHT 8.3 -LABHAIR AMACH! (RANNPHÁIRTÍOCHT AR SCOIL)

Na háiseanna atá de dhíth


- Áiseanna dalta
 - **8.3a-d** Ceithre lipéad cúinne

Míniú

Meabhraigh do na daltaí an ceacht a chuaigh roimhe agus na moltaí a thug siad ar na dóigheanna a dtiocfadh leo bheith rannpháirteach. Meabhraigh dóibh gur éifeachtaí, dar leo, dóigheanna áirithe rannpháirtíochta seachas dóigheanna eile.

Cur chuige

- 1 Tosaigh amach trí cheithre chúinne an tseomra a lipéadú leis na ceithre lipéad cúinne (A4), agus iad seo orthu:



- 2 Abair leis na daltaí go bhfuil tú ag dul a léamh roinnt ráiteas agus i ndiaidh gach ceann acu gur chóir dóibh dul go dtí an lipéad is fearr a léiríonn a ndearcadh. Féadann tú do chuid ráiteas féin a úsáid. Iarr orthu gan mórán smaoinimh a dhéanamh ach bogadh de réir na chéad instinne a bhíonn acu. Abair leo nach bhfuil freagraí cearta ná míchearta ann.
- 3 Léigh ráiteas "Labhair Amach!" agus iarr ar na daltaí bogadh dá réir.
- 4 Fiafraigh de raon daltaí cad chuige ar roghnaigh siad freagairt áirithe agus lig dóibh bogadh chuig lipéad eile má bhíonn malairt intinne orthu.
- 5 Lean ort tríd na ráitis eile go dtí go bhfuil na saincheistanna cíortha go maith, dar leat.

Conclúid

Úsáid na ceistanna seo a leanas chun an plé a thabhairt chun críche:

- Ar dhoiligh duit roghanna a dhéanamh? Cad chuige?
- An ndeachaigh roghanna daltaí eile i bhfeidhm ort agus rogha á déanamh agat?
- Cá mhéad rannpháirtíochta a ligtear duit i do scoil, dar leat?
- Cad iad na gnéithe de shaol na scoile ar mhaith leat go mbeadh guth níos láidre agat ina leith?
- An bhfuil aon ghnéithe de shaol na scoile nár mhaith leat go mbeadh guth ar bith agat ina leith?

Pléigh na freagraí a tugadh agus tarraing na smaointe seo le chéile lena léiriú cad iad na hócáidí ar shíl na daltaí gur/nár chóir dóibh bheith rannpháirteach sa phróiseas cinnteoireachta.

RÁITIS LABHAIR AMACH!

Cé, dar leat, ba chóir a bheith rannpháirteach maidir leis na cinní seo a leanas:

- 1 Maor ranga á thoghadh
- 2 Damhsa foirmiúil na scoile á phleanáil
- 3 An cineál bia sa cheaintín á shocrú
- 4 Uisce óil a bheith ar fáil
- 5 Staid na leithreas á feabhsú
- 6 Polasaí obair bhaile na scoile á scríobh
- 7 A chinntiú go bhfaigheann daltaí aiseolas sásúil ar an obair bhaile uile
- 8 An fhadhb a bhaineann le daltaí a chuireann isteach ar an rang á réiteach
- 9 Éide scoile á roghnú
- 10 Na himeachtaí carthanachta a mbíonn baint ag an scoil leo
- 11 Oícheanta oscailte á n-eagrú
- 12 Cinní ar léiriúcháin scoile á ndéanamh
- 13 Fadhb na bulaíochta i gclós na scoile á réiteach
- 14 Barúil a thabhairt ar cad é is ceacht maith ann
- 15 Rannpháirtíocht ar Bhord na nGobharnóirí
- 16 Guth a bheith agat agus laethanta saoire na scoile á socrú
- 17 Na hábhair a bheidh á gcur ar fáil ar churaclam na scoile
- 18 Múinteoirí nua á gceapadh

GNÍOMHAÍOCHT 8.4 - DRÉIMIRE NA RANNPHÁIRTÍOCHTA (I)

Léigh **Aguisín 3** sula dtosóidh sibh ar an ghníomhaíocht seo.

Na háiseanna atá de dhíth

- Áiseanna dalta
 - **8.4a** Cártaí Dhréimire na Rannpháirtíochta
 - **8.4b** Dréimire na Rannpháirtíochta - leathán sainmhínithe (cóipeáil ar ostréshoilseán)
 - **8.4c** Dréimire

Míniú

An ceacht roimhe ina ndearna na daltaí fiosrúchán ar an dóigh a mbeadh daltaí páirteach ar scoil, cuir i gcuimhne do na daltaí é. Mínigh dóibh go mbeidh siad sa cheacht seo ag déanamh fiosrúcháin ar an dóigh a mbíonn daoine óga páirteach i gcúrsaí sa tsochaí a bhaineann leo.

Cur chuige

1. Mínigh dóibh go bhfuil fiosrúchán déanta ag saineolaithe áirithe ar an dóigh a ligtear do dhaoine óga bheith páirteach i sochaí. Tá aon leibhéal déag dhifriúla de rannpháirtíocht luaite acu agus tá siad seo curtha in ord acu ón chás nuair nach mbíonn baint dá laghad ag daoine óga go dtí an cás ina ndéanann daoine óga na cinní uile. "Dréimire na Rannpháirtíochta" a thugann siad air seo.
2. Roghnaigh aon dalta déag le cártaí na rannpháirtíochta a choinneáil in airde os comhair an ranga. Mínigh dóibh gurb iad seo na focail a bhí in úsáid ag na saineolaithe agus cuir an leathán sainmhínithe ar taispeáint ar ostréshoilseán chun cuidiú leis na daltaí na téarmaí a thuiscint.
3. Iarr ar na daltaí an t-aon leibhéal déag de rannpháirtíocht a chur in ord trí áit eile sa líne a thabhairt do na daltaí os comhair an ranga. Glac moltaí ó dhaltaí indibhidiúla agus iarr orthu fáthanna a thabhairt agus a mhíniú.
4. Nuair a bhíonn an rang sásta leis an ord, cuir an dréimire ar taispeáint agus iarr ar an aon dalta déag cárta Dhréimire na Rannpháirtíochta acu a cheangal den runga cuí.
5. Cuir na freagraí cearta in iúl agus leasaigh é de réir mar is gá.

Conclúid

Pléigh cad é atá i gceist leis na rungaí ar an dréimire, lena fháil amach an dtuigeann na daltaí leibhéal dhifriúla na rannpháirtíochta agus mínigh dóibh go mbeidh fiosrúchán níos beachte ar bun acu ar an dréimire seo sa chéad cheacht eile.

GNÍOMHAÍOCHT 8.5 - DRÉIMIRE NA RANNPHÁIRTÍOCHTA (II)

Na háiseann atá de dhíth

- Áiseanna dalta
 - **8.5** Cártaí Suímh na Rannpháirtíochta
 - **8.4a** Cártaí Dhréimire na Rannpháirtíochta
 - **8.4b** Leathán sainmhínithe Dhréimire na Rannpháirtíochta
 - **8.4c** Dréimire

Míniú

Téigh siar ar an cheacht roimhe agus cuir na leibhéal éagsúla de Dhréimire na Rannpháirtíochta i gcuimhne do na daltaí. Cuir an dréimire comhlánaithe agus an leathán sainmhínithe ón cheacht roimhe ar taispeáint.

Cur chuige

- 1 Roinn an rang ina ocht ngrúpa agus tabhair cárta suímh difriúil do gach grúpa.
- 2 Fiosraíodh gach grúpa an cárta suímh acu agus bíodh siad ag samoineamh ar a bhaintí atá na daoine óga sa suíomh leis na gníomhartha atá á ndéanamh.
- 3 Iarr ar gach grúpa a shocrú cá háit ar Dhréimire na Rannpháirtíochta ar chóir an gníomh a chur.
- 4 Iarr ar ionadaí amháin ó gach grúpa suíomh agus cinneadh an ghrúpa a chur i láthair don chuid eile den rang. Ba chóir cinneadh an ghrúpa a thaifeadadh trína gcárta suímh a cheangal den phointe chuí ar Dhréimire an Rannpháirtíochta.
- 5 Agus míniú gach grúpa tugtha, fiafraigh den rang an bhfuil siad sásta leis an chinneadh. Déan iarracht teacht ar chomhaontú an ranga maidir leis an áit a gcuirfí na cártaí suímh.
- 6 Agus na cártaí uile ceangailte, iarr ar na daltaí bheith ag smaoineamh ar na ceisteanna seo a leanas:
 - An aontaíonn siad leis na gníomhartha atá déanta ar na cártaí suímh?
 - Cad iad na suímh ina mbeadh baint is mó ag daoine óga?
 - Cén dóigh a dtarlódh sé seo?
 - Cad iad na suímh a raibh baint chuí ag daoine óga iontu?

Conclúid

Pléigh cé acu atá rannpháirtíocht iomchuí agus praiticiúil i gcónaí do dhaone óga nó nach bhfuil, agus bí ag machnamh ar dhóigheanna a mbeadh rannpháirtíocht níos cothroime ar scoil agus sa phobal acu.

GNÍOMHAÍOCHT 8.6 - GNÍOMH Á BHEARTÚ

Na háiseanna atá de dhíth

- Áiseanna dalta
 - **8.6a** Cártaí gnímh
 - **8.6b** Cártaí saincheiste

Míniú

Meabhraigh do na daltaí an plé a rinne siad ar shaincheisteanna a bhaineann leo féin agus iarr orthu machnamh ar an chineál gníomhartha a dhéanfaid siad dá mbeadh saincheist áirithe ag déanamh inní dóibh.

Cur chuige

- 1 Roinn na daltaí ina sé ghrúpa.
- 2 Tabhair cárta saincheiste amháin, sraith de chártaí gnímh (seans gur mhaith leat saincheisteanna reatha áitiúla nó domhanda a úsáid seachas na cinn atá ar fáil) agus leathanach bán de pháipéar A3 do gach grúpa.
- 3 Iarr ar ghrúpaí machnamh ar an tsaincheist acu agus na cártaí Gnímh a rangú ón cheann "is mó éifeacht" go dtí an ceann "is lú éifeacht".
- 4 Iarr orthu na cúig ghníomh is éifeachtaí a roghnú agus iad seo a rangú arís ón cheann "is mó praiticiúlacht" go dtí an ceann "is lú praiticiúlacht".
- 5 Agus seo déanta acu, iarr orthu na trí ghníomh is fearr a roghnú (ba chóir go mbeadh siad seo praiticiúil agus éifeachtach araon).
- 6 Ar deireadh, iarr ar na daltaí an cárta saincheiste a cheangal de bharr an leathanaigh bháin A3 acu. Faoina bhun seo, agus in ord, iarr orthu na trí chárta gnímh is fearr acu a ghreamú.

Conclúid

Iarr ar na daltaí aiseolas a thabhairt ar cad chuige ar roghnaigh siad na gníomhartha sin. Iarr orthu na fáthanna acu a chosaint, agus bíodh plé ranga ann ar:

- a oiriúnaí (i gcomhthéacs daonlathach);
- a phraiticiúla; agus
- a éifeachtaí a bheadh na gníomhartha seo.

D'fhéadfaí a bhfreagraí a chur ar taispeáint sa seomra ranga do na grúpaí eile le breathnú orthu.

GNÍOMHAÍOCHT 8.7 – GNÍOMH Á DHÉANAMH

Léigh **Aguisín 4** roimh thosú ar an ghníomhaíocht seo.

Na háiseanna atá de dhíth

- Áiseanna dalta
 - **8.7a** Feasachán
 - **8.7b** Rólchártaí

Míniú

Meabhraigh do na daltaí conclúid an cheachta a chuaigh roimhe. Mínigh dóibh go mbeidh sampla de shaincheist áitiúil á imscrúdú acu i suíomh "ionsamhalta". Tabhair amach an feasachán ina leagtar amach an cás don ionsamhladh.

Is féidir go mbeidh sraith de cheachtanna de dhíth lena chinntiú go mbeidh na daltaí ullamh chun páirt iomlán mhuiníneach a ghlacadh sa chruinniú phoiblí ionsamhalta.

Cur chuige

- 1 Cuir na daltaí sna sé ghrúpa seo a leanas:
 - Ball foirne
 - Duine óg (in éadan druidime)
 - Ionadaí d'eagraíocht neamhrialtasach
 - Forbróir Maoine
 - Duine óg (ar son druidime)
 - Cónaitheoir áitiúil
2. Mínigh do na daltaí gur tusa a bheidh mar Chomhairleoir Áitiúil don ionsamhladh seo agus go mbeidh tú i do chathaoirleach ar an chruinniú.
3. Tabhair cóip dá Rólchárta do gach grúpa. Mínigh dóibh go mbeidh orthu ról an charachtair ar a Rólchárta a ghlacadh san ionsamhladh.
4. Mínigh dóibh go gcaithfidh siad, ina ngrúpaí, ullmhú do chruinniú poiblí mar a mbeidh siad ábalta, mar pháirtí leasmhar, plé a dhéanamh ar a gcuid buarthaí faoin mholadh an tSólann áitiúil acu a dhruidim.

5. Spreag na daltaí chun cúlra a chruthú dá gcarachtar a bheidh éagosúil le baill eile dá ngrúpa, mar shampla,

Próifíl Ghrúpa: Ball foirne

Is féidir go mbeidh próifílí indibhidiúla ar na daoine seo a leanas:

- baineann/fireann
- duine neamhphósta/duine pósta le páistí
- duine níos sine
- bainisteoir
- glantóir
- oiliúnoir, srl.

(Is féidir, mar ullmhúchán don ionsamhladh, gur mhaith leat na daltaí a chur sa "suíochán te" chun cuidiú leo ról an charachtair acu a fhorbairt agus chun an tsaincheist a iniúchadh.)

- 6 Iarr orthu na leideanna agus na ceisteanna ar na cártaí a úsáid le gur fearr an tuiscint a bheidh acu ar an tsaincheist agus chun a ráitis agus a n-argóintí don chruinniú a ullmhú.
- 7 Iarr ar na daltaí duine amháin a roghnú lena mbarúlacha a chur in iúl ag an chruinniú poiblí. Ansin iarr ar na grúpaí óráid dhá nóiméad a ullmhú a léireoidh a mbarúlacha. Iarrfar ar ionadaithe na ngrúpaí labhairt ar dtús ag an chruinniú.
- 8 Leag an seomra ranga amach do chruinniú poiblí. I do ról mar Chomhairleoir Áitiúil, iarr ar na páirtithe leasmhara suí. Iarr ar gach ionadaí labhairt leis an chruinniú iomlán thar ceann a g(h)rúpa.
- 9 Oscail an t-idirphlé d'ionadaithe eile ar mhaith leo aontú le nó cur in éadan aon rud a dúradh.
- 10 Agus an cruinniú thart, iarr ar na daltaí na carachtair acu a chaitheamh i leataobh agus machnamh a dhéanamh ar chaighdeán na n-argóintí a chuala siad.
- 11 Iarr ar na daltaí vóta a chaitheamh ar son nó in éadan an mholta an tSólann a dhruirim bunaithe ar éifeachtacht na n-argóintí a rinne gach duine a ghlac páirt.
- 12 Glac na vótaí agus fógair na torthaí.

Conclúid

Cuir suímh ionsamhalta agus fíorshuímh an tsaol i gcomparáid lena chéile. Is féidir go mbeidh sé tábhachtach a mheabhrú do na daltaí nach bhfuil anseo ach ionsamhladh agus gur minic, le fírinne, gur cuid bheag de phróiseas iomlán an chomhairlithe iad cruinnithe den chineál seo. D'fhéadfaí, ag an pointe seo, tagairt a dhéanamh do thuairisciú ábhartha na meán ar fhíorchruinnithe poiblí. Meabhraigh do na daltaí go gcuirtear barúlacha *indibhidiúla*, barúlacha *na sochaí* agus barúlacha *an rialtais* san áireamh chun cinn éifeachtúla a dhéanamh.

AONAD 9

CAD CHUIGE A BHFUIL RIALACHA AGUS DLÍTHE DE DHÍTH?

LÉARSCÁIL CHOINCHEAP

AONAD 9: CAD CHUIGE A BHFUIL RIALACHA AGUS DLÍTHE DE DHÍTH?

Eochairchoincheapa	Forbairt Choincheap	Eochairghníomhaíochtaí
Cad chuige a bhfuil dlíthe de dhíth?	Cearta daonna á gcosaint Freagracht shóisialta á cur chun cinn Ord á choinneáil	9.1 Rialacha...OK? (I) 9.2 Rialacha...OK? (II) 9.3 Gnáthdhlíthe ...Cad Chuige?
Cad iad na dlíthe sonracha a théann i bhfeidhm ormsa?	Dlí a bhaineann le haois Oiriúnacht dlíthe	9.4 Cén Aois a dTig Liom ...?
Cén éifeacht a bhíonn ann ar an phobal má sháraítear dlíthe?	Airgeadas Fisiceach Síceolaíoch Drochthionchair coire ar shochaí	9.5 Drochthionchar na Coireachta
Cad é mar a chuirtear dlíthe i bhfeidhm?	Ógchiontóirí á n-ionchúiseamh agus á ndaoradh	9.6 Daor a bheith Ort
Cé a chosnaíonn na caomhnóirí?	Caighdeáin idirnáisiúnta chearta daonna agus cothroime dlíthe	9.7 Cad é atá Cearr leis na Dlíthe seo?

GNÍOMHAÍOCHT 9.1 – RIALACHA . . . OK? (CUID I)

Na háiseanna atá de dhíth

- Áiseanna dalta
 - **9.1a** Cárta cáis¹
 - **9.1b-e** Cártaí marthanais

Míniú

Úsáid cárta an cháis¹ leis an tasc a mhíniú do na daltaí.

Cur chuige

- 1 Roinn an rang ina cheithre ghrúpa agus tabhair cárta marthanais difriúil do gach grúpa. Mínigh go gcaithfidh gach grúpa aontú ar liosta rialacha agus an fhadhb seo a réiteach go cothrom agus chun tairbhe do na marthanóirí uile.
- 2 Féadann tú ceisteanna cuí a roghnú as na cinn seo thíos chun aird na ndaltaí a dhíriú agus tú ag dul thart:
 - Ar chóir go bhfaigheadh cách an méid céanna de bhia agus d'uisce glan?
 - Ar chóir go mbeadh cead ag daoine bia agus uisce a ghlacadh nuair is mian leo é?
 - Cad é mar a dhéanfaidh sibh cinnte de go dtabharfar aire mhaith don dídean?
 - An bhfuil cead ag duine ar bith broсна a chur ar an tine nuair is mian leis/léi é?
- 3 Ba chóir do gach grúpa a rialacha a thaifeadadh ar an chárta marthanais acu.
- 4 Fág deis ag gach grúpa an plé a bhí acu a roinnt leis an rang. Taifead an t-aiseolas ar an chlár.
- 5 Tarraing le chéile príomhphointí an phlé:
 - Cad chuige a raibh rialacha chomh tábhachtach sin ar an oileán?
 - Cad é a d'fhéadfadh tarlú mura mbeadh rialacha ann?

Conclúid

Iarr ar na daltaí machnamh ar na prionsabail atá taobh thiar dá gcuid rialacha. Treoraigh i dtreo na tuairime go gcaithfidh sraith shoiléir de rialacha agus de dhlíthe a bheith ann má tá lucht an oileáin le teacht slán. Ba chóir go mbeadh na dlíthe seo:

- Cóir agus cothrom
- So-thuigthe do gach duine
- Ina gcuidiú chun ord a choinneáil

GNÍOMHAÍOCHT 9.2 - RIALACHA...OK? (CUID II)

Na háiseanna atá de dhíth

- Áiseanna dalta
 - **9.2a** Cárta cáis 2
 - **9.2b-e** Fadhbchártaí
 - **9.2f** Leathán aiseolais

Míniú

Iarr ar na daltaí a shamhlú go bhfuil siad fós ar *Dolce Vita*, mar nár thángthas i dtarrtháil orthu go fóill. Agus Cárta Cáis 2 in úsáid, leag amach an suíomh dóibh.

Cur chuige

- 1 Cuir na daltaí sna ceithre ghrúpa chéanna. Meabhraigh dóibh go bhfuil gach grúpa freagrach as fadhb a réiteach ar mhaithe leis na hoileánaigh uile. Anois caithfidh siad réiteach ar fhadhb nua a fháil.
- 2 Tabhair an Fadhbchárta cuí do gach grúpa agus iarr orthu é a léamh.
- 3 Fiafraigh de gach grúpa cén éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag an fhadhb ar na hoileánaigh. Ba chóir dóibh a gcuid smaointe a thaifeadadh ar an leathán chuige sin.
- 4 Abair le gach grúpa bheith ag smaoineamh ar réitigh chuí ar an fhadhb ar leith aige. Fág am ag na daltaí na smaointe seo a thaifeadadh san áit chuí ar an leathán aiseolais.
- 5 Iarr ar gach grúpa cur síos a dhéanamh don chuid eile den rang ar an fhadhb agus ar an réiteach aige. Seans gur mhaith le daoine sa rang réitigh eile a chur chun cinn.

Conclúid

Aimsigh príomh-shaintréithe na réiteach a mholtar. Úsáid iad seo lena chur ina luí ar na daltaí gur chóir go mbeadh dlíthe ina gcuidiú chun ord a choinneáil sa tsochaí agus má sháraítear dlíthe, gur féidir go dtitfidh an t-ord seo as a chéile agus go mbeidh éifeacht aige seo ar an phobal uile. Sa dóigh go mbeidh na dlíthe cóir agus cothrom caithfidh siad:

- Cearta daonna a chosaint
- Freagracht shóisialta a chur chun cinn
- Ord a choinneáil

Abair leis na daltaí cé go raibh an éifeacht ar oileán shamhlaíoch (*Dolce Vita*) á fiosrú acu, go mbíonn na mórcheisteanna agus na buarthaí céanna ann taobh istigh de shochaí.

Cuir deireadh leis an roinn seo trína rá leis na daltaí gur tugadh slán ó *Dolce Vita* iad, agus ar fhilleadh abhaile dóibh, go bhféadann siad a bhfuil foghlamtha acu a úsáid lena fheiceáil cad é an éifeacht a imríonn sárú dlíthe ar an phobal áitiúil agus an phobal dhomhanda. Déanfar tuilleadh scrudaithe orthu seo tríd an chuid eile den aonad seo.

GNÍOMHAÍOCHT 9.3 – GNÁTHDHLÍTHE . . . CAD CHUIGE?

Na háiseanna atá de dhíth

- Áis dalta **9.3** Cartaí Fheidhm an Dlí

Míniú

Meabhraigh do na daltaí gurb í an chonclúid acu sa ghníomhaíocht a chuaigh roimhe ná go mbíonn dlíthe de dhíth chun cearta daonna a chosaint, chun freagracht shóisialta a chur chun cinn agus chun ord a choinneáil. Mínigh dóibh go mbeidh siad ag cinneadh sa ghníomhaíocht seo cad é an príomhfheidhm atá le roinnt samplaí de dhlíthe i dTuaisceart Éireann.

Cur chuige

- 1 Tabhair sraith de chártaí Feidhme do gach dalta agus iarr orthu grúpaí de thriúr a dhéanamh.
- 2 Mínigh dóibh go léifidh tú dlí amach agus go mbeidh deich soicind ag gach dalta ceann amháin de na cártaí a roghnú le príomhfheidhm an dlí seo a thaispeáint. I ndiaidh na ndeich soicind seo ba chóir dóibh an cárta seo a thaispeáint don chuid eile dá ngrúpa. Roghnaigh ó na samplaí seo a leanas (nó bíodh do shamplaí féin agat ó scéalta a bhí sa nuacht ar na mallaibh):
 - Tá luasteorainn socraithe do gach bóthar. Má théann tú thar an luasteorainn seo tá an dlí á shárú agat.
 - Tá sé neamhdhleathach faisnéis atá agat ar choir a choinneáil siar.
 - Má dhéanann tú ionsaí coirp ar dhuine, is féidir go gcúiseofar as ionsaí thú.
 - Tá sé in éadan an dlí drugaí neamhdhleathacha a dhíol nó a sholáthar.
 - Tá sé neamhdhleathach a bheith pósta ar níos nó ná duine amháin ag an am céanna. Biogamacht a thugtar air seo.
 - Caithfear, de réir an dlí, cead pleanála a fháil sula gcuirtear feirm ghaoithe ar bun.
 - Tá sé neamhdhleathach carr duine eile a ghoid.
 - Is cion coiriúil é círeíb a thógáil agus dochar a dhéanamh do mhaoin.
 - Tá bradaíocht siopa ina cion coiriúil.
 - Caithfear, de réir an dlí, crios sábhála a chaitheamh i gcarr.

- 3 Míneigh dóibh go bhfuil tríocha soicind anois acu le grúpfhreagra a shocrú.
- 4 Glac aiseolas ó gach grúpa agus úsáid é seo chun comhaontú ranga a fháil ar phríomhfheidhm an dlí i ngach sampla.
- 5 Cuir na cártaí Feidhme ar taispeánt ar an chlár agus taifead gach dlí faoin cheannteideal is fearr a fhóireann (msh *féadtar feirm ghaoithe a thaifeadadh faoi Fhreagracht Shóisialta, luasteorainn faoi Ord a Choinneáil, srl*). Seans gur mhaith leat línte a tharraingt ó dhlí go dtí na ceanteidil feidhme eile má theipeann ar an rang teacht ar chomhaontú ar an phríomhfheidhm (msh *féadtar ionsaí a chur faoi Chearta Daonna ach féadtar é a cheangal chomh maith le hOrd a Choinneáil, srl*).

Tá sé tábhachtach a aithint nach é cuspóir na gníomhaíochta seo go mbeidh gach sampla ceart - is tábhachtaí go mór go mbeidh tuiscint ag na daltaí ar phríomhfheidhmeanna an dlí i gcoitinne.

- 6 Déan arís é faoi choinne gach sampla den dlí.

Conclúid

Iarr ar gach grúpa na cártaí Feidhme a chur san ord tábhachta acu féin. Fiafraigh díobh an mbeadh ord difriúil ag grúpaí eile daoine sa tsochaí (msh daoine fásta, múinteoirí, príosúnaigh, lucht gnó, oibrithe sóisialta, polaiteoirí, srl.). Míneigh dóibh gur féidir go mbeidh níos mó ná feidhm amháin le dlíthe ach go mbeidh orthu chomh maith freastal ar níos mó ná cineál amháin daoine.

GNÍOMHAÍOCHT 9.4 – CÉN AOIS A DTIG LIOM . . . ?

Na háiseanna atá de dhíth

- Áiseanna dalta
 - **9.4a** Comharthaí aoise
 - **9.4b** Cártaí Dlí
 - **9.4c** Leathán freagraí

Míniú

Meabhraigh do na daltaí gur chun leasanna an phobail ar an oileán a chosaint a cuireadh na rialacha agus dlíthe le chéile ar *Dolce Vita*. Thaispeáin an ghníomhaíocht a chuaigh roimhe go bhfuil sé seo fíor chomh maith i dTuaisceart Éireann. Míneigh dóibh go mbeidh siad, sa ghníomhaíocht seo, 1) ag fiosrú roinnt dlíthe eile a mbíonn éifeacht dhíreach acu ar dhaoine óga i dTuaisceart Éireann agus 2) go mbeidh orthu breith a thabhairt ar cé acu atá siad cothrom nó nach bhfuil.

Cur chuige

- 1 Cuir na sé chatagóir aoise (10, 12, 14, 16, 17 agus 18) ar taispeánt ag áiteanna difriúla sa seomra.
- 2 Tabhair cárta Dlí amháin do gach dalta agus míneigh dóibh go bhfuil dlíthe ann a luann an aois ag a bhféadann siad an ghníomhaíocht seo a dhéanamh.

- 3 Fág roinnt nóiméad ag na daltaí lena shocrú "Cén aois a dtig liom . . . ?" dá ngníomhaíocht, agus iarr orthu ansin bogadh go dtí an chatagóir chuí aoise.
- 4 Ag tosú le haois 18, fógair na freagraí cearta do gach aoisghrúpa agus fág am ag na daltaí bogadh go dtí an comhartha ceart aoise, más gá.
- 5 Iarr ar na daltaí atá bailithe ag gach catagóir aoise plé a dhéanamh ar na cineálacha dlíthe atá leagtha síos mar dhlíthe atá bainteach leis an aois seo. Faigh aiseolas ó gach grúpa agus na ceisteanna seo a leanas in úsáid agat:
 - An bhfuil na dlíthe seo cóir?
 - An bhfuil na dlíthe seo oiriúnach?
 - Cad é a chuir iontas orthu agus cad chuige?
- 6 Ina dhiaidh sin, cuir na daltaí i ngrúpaí de cheathrar agus tabhair leathán freagraí do gach grúpa. Iarr orthu dlí amháin ba mhaith leo a athrú a roghnú.
- 7 Ba chóir do gach grúpa argóint a chur chun tosaigh ag cur síos ar cad chuige ar chóir an dlí atá roghnaithe acu a athrú. Meabhraigh do na daltaí gur chóir dóibh tagairt a dhéanamh d'fheidhm na ndlíthe sna hargóintí acu (.i. cearta daonna a chosaint, freagracht shóisialta a chur chun cinn agus ord a choinneáil). I ndiaidh gach cur i láthair, d'fhéadfadh an rang vóta a chaitheamh ar cé acu a chuaigh na hargóintí i bhfeidhm orthu nó nach ndeachaigh.

Conclúid

Mínigh dóibh, cé go bhfuil dlí áirithe i bhfeidhm ag rialtas, nach ionann sin is a rá go bhfuil an dlí sin cóir agus cothrom. I ndaonlathas, tá sé de cheart ag daoine dúshlán dlí a thabhairt má shíleann siad go bhféadfaí é a leasú nó gur chóir é a athrú.

GNÍOMHAÍOCHT 9.5 – DROCHTHONCHAR NA COIREACHTA

Na háiseanna atá de dhíth

- Áiseanna dalta
 - **9.5a** Pictiúir Shárú an Dlí
 - **9.5b** Teimpléad Anailís Pictiúir

Míniú

Meabhraigh Dolce Vita do na daltaí agus an drochthionchar a bhíonn ann ar an phobal má sháraítear a ndlíthe. Mínigh dóibh sa ghníomhaíocht seo go mbeidh fíorchásanna sáraithe dlí á n-iniúchadh acu.

Cur chuige

- 1 Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar nó de chúigear. Tabhair pictiúr agus teimpléad do gach grúpa. Fág go leor ama ag gach grúpa machnamh ar an phictiúr agus chun na ceisteanna ar an teimpléad a fhreagairt.
- 2 Iarr ar dhalta amháin ó gach grúpa an pictiúr acu a chur ar taispeáint agus chun aiseolas a thabhairt ar an phlé a bhí acu faoi na ceannteidil ar an teimpléad.
- 3 Taifead eochairfhreagraí ó gach grúpa agus úsáid na ceisteanna seo a leanas chun teacht ar na drochthionchair fhisiceacha, shíceolaíocha, airgeadais agus shóisialta a bhíonn ann mar gheall ar shárú an dlí:
 - Cad é mar a rachadh sáruihte an dlí i bhfeidhm ar mhaoin?
 - Cad é mar a rachadh sáruihte an dlí i bhfeidhm ar shláinte agus leas duine?
 - Cad é mar a rachadh sáruihte an dlí i bhfeidhm ar thuiscint pobail ar shábháilteacht?
 - Cad é mar a rachadh sáruihte an dlí i bhfeidhm ar airgead an phobail? srl . . .
- 4 Iarr ar an rang ansin machnamh ar cad é mar is féidir linn dul i ngleic le sáruihte seo an dlí agus leis na hiarmhairtí a bhíonn acu ar an phobal. Sula nglacfaidh tú le moltaí, mínigh dóibh go bhfuil sé chomh tábhachtach céanna coireacht a chosc is atá sé dul i ngleic leis na hiarmhairtí. Taifead freagraí na ndaltaí faoi na ceannteidil seo a leanas:
 - Cad is féidir leis an duine aonair a dhéanamh? (msh páirt a ghlacadh i scéim phobal ar aire, srl.)
 - Cad is féidir leis an tsochaí a dhéanamh? (msh feasacht daoine ar chosc na coireachta a ardú, srl.)
 - Cad is féidir leis an rialtas a dhéanamh? (msh seirbhís chuí phóilíneachta a chur ar fáil, srl.)

Conclúid

Mínigh do na daltaí go mbíonn an duine aonair agus pobail thíos leis nuair a sháraítear dlíthe i gcásanna den chineál seo agus go bhfuil ról ag gach duine againn lena chinntiú go mbeidh riail an dlí á comhlíonadh.

GNÍOMHAÍOCHT 9.6 – DAOR A BHEITH ORT

Na háiseanna atá de dhíth

- Áiseanna dalta
 - **9.6a** Cártaí meaitseála - Cé Atá Freagrach As?
 - **9.6b** Míreanna mearaí - Cad é a Tharlaíonn Nuair . . . ?
 - **9.6b** Réiteach ar mhíreanna mearaí - Cad é a Tharlaíonn Nuair . . . ?

Míniú

Meabhraigh do na daltaí go bhfuil iniúchadh déanta acu ar cad é mar a théann sárúithe an dlí i bhfeidhm ar an phobal. Anois déanfaidh siad iniúchadh ar na hiarmhairtí a bheidh ann do dhaoine aonair a sháraíonn an dlí. Míniú don rang nuair a sháraítear an dlí go gcuirtear tús le sraith de ghnáthaimh ina mbíonn daoine éagsúla páirteach.

Cur chuige

- 1 Fiafraigh den rang an bhfuil a fhios acu cad é a tharlaíonn do dhuine 16 bliana d'aois a sháraíonn an dlí. Spreag iad chun smaoineamh ar na daoine aonair a mbeadh páirt acu sa ghnáthamh.
- 2 Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr agus tabhair cóip den chárta meaitseála Cé Atá Freagrach As? dóibh. Míniú dóibh go gcaithfidh siad gach duine a mheaitseáil lena ról.
- 3 Déan cinnte de go dtuigeann siad é agus go bhfuil na cártaí meaitseálte i gceart acu.
- 4 Míniú dóibh go bhfuil siad ag dul a iniúchadh cad é a tharlaíonn do dhuine 16 bliana d'aois a sháraíonn an dlí.
- 5 Tabhair cóip de mhíreanna mearaí Cad é a Tharlaíonn Nuair...? do gach grúpa. Míniú dóibh go gcaithfidh siad na míreanna mearaí a chur le chéile i gceart lena fháil amach cad é a tharlaíonn do dhuine 16 bliana d'aois a sháraíonn an dlí. Abair leo go bhfuil ceithre cinn de na cártaí nach cuid de na míreanna mearaí iad, mar gur iarmhairtí féideartha iad agus nach cuid den ghnáthamh iad.
- 6 Agus na míreanna mearaí déanta ag na grúpaí, iarr orthu na ceisteanna seo a leanas a phlé:
 - An aontaíonn tú gur chóir caitheamh le daoine óga ar dhóigh dhifriúil le daoine fásta nuair a dhéanann siad coir?
 - Cad iad na difir ba chóir a bheith ann?
 - An bhfuil caighdeán chearta daonna ann a chaithfear a chomhlíonadh?
 - Ainmnigh cuid de na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis na trí chineál de phianbhreith atá ann do dhaoine óga (mar shampla, coimeád, pobal agus comhdháil)
- 7 Fág deis ag gach grúpa aiseolas ar an phlé acu a thabhairt don chuid eile den rang.

Conclúid

Achoimrigh an ceacht trína mheabhrú do na daltaí go mbíonn iarmhairtí ann don duine aonair a sháraíonn an dlí. Nuair is duine óg é an ciontóir, féachtar chuige go gcaitear leo ar dhóigh chúí agus go dtugtar deis dóibh athrú agus cúiteamh a dhéanamh ina mí-iompar.

GNÍOMHAÍOCHT 9.7 – CAD É ATÁ CEARR LEIS NA DLÍTHE SEO?

Na háiseanna atá de dhíth

- Áiseanna dalta
 - **9.7a** Dlíthe Apartheid
 - **9.7b** Teimpléad freagartha - Dífear á Dhéanamh
 - **9.7c** Dífear á Dhéanamh san Afraic Theas (ostréshoilseán)
 - **9.7d** Achoimre DUCD

Míniú

Meabhraigh do na daltaí go bhfuil iniúchadh déanta cheana acu san aonad seo ar phríomhfheidhmeanna an dlí: cearta daonna a chosaint, freagracht shóisialta a chur chun cinn agus ord a choinneáil. Mínigh dóibh go ritear dlíthe i dtíortha, áfach, ar chúiseanna eile.

Cur chuige

- 1 Roinn an rang ina ghrúpaí beaga agus tabhair cóip de Dhlíthe Apartheid do gach grúpa. Iarr orthu na dlíthe seo a léamh go cúramach agus mínigh na téarmaí deacra srl. dóibh
- 2 Meabhraigh don rang nuair a bunaíodh na Náisiúin Aontaithe (i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda) gur scríobh siad an DUCD agus gur gheall na tíortha a shínigh é go bhféachfadh siad chuige go mbeadh na caighdeáin ann á gcomhlíonadh ag tíortha uile an domhain.
- 3 Tabhair cóip den DUCD do gach grúpa. Iarr orthu na hailt a lua atá, dar leo, á sárú ag na Dlíthe Apartheid a bhí á léamh acu.
- 4 Mínigh don rang, sa chás go síleann daoine go bhfuil dlíthe áirithe míchóir nó míchothrom, go bhféadann siad rud a dhéanamh leis na dlíthe seo a athrú.
- 5 Tabhair cóip de leathán freagartha Dífear á Dhéanamh do gach grúpa. Iarr orthu é seo a chomhlánú agus ansin a gcuid smaointe a roinnt leis an chuid eile den rang.
- 6 Úsáid na ceisteanna seo a leanas le hachóimre a dhéanamh ar an phlé ranga:
 - Cad é, dar leo, an rud is mó a d'imreodh tionchar ar rialtas na hAfraice Theas chun na dlíthe a athrú?
 - Cé, dar leo, is mó a d'imreodh tionchar ar rialtas na hAfraice Theas chun na dlíthe a athrú?
 - Ar chóir go mbeadh baint ag rialtais eile lena bhfuil ag tarlú i dtíortha eile? Cad iad na buntáistí/mibhuntaistí a bhaineann leis seo?

Conclúid

Cuir deireadh leis an cheacht tríd an ostréshoilseán a úsáid lena mhíniú do na daltaí cad é mar a cuireadh críoch le apartheid san Afraic Theas. Cuir béim ar an pointe gur tharla an t-athrú i ngeall ar chomhiarrachtaí *daoine aonair*, grúpaí taobh istigh den tsochaí agus *rialtas* eile lena chinntiú gur comhlíonadh luachanna an DUCD .

ACHOIMRÍ

ACHOIMRE 1 – AN SAORÁNACH ÉIFEACTACH!

Na háiseanna atá de dhíth

- Áiseanna dalta
 - Leathán mór páipéir do gach grúpa
 - Marcóirí

Míniú

Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag machamh sa ghníomhaíocht seo ar a bhfuil foghlamtha acu le trí bliana anuas i Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda agus go mbeidh sé á chur i bhfeidhm acu chun saoránach éifeachtach a dhearadh!

Cur chuige

- 1 Cuir na daltaí ina ngrúpaí de cheathrar nó chúigear. Tabhair píosa mór páipéir dóibh (msh leathán de pháipéar líneála páipéir bhalla) agus iarr orthu imlíne de dhuine ar thomhas nádúrtha a tharraingt (Féadann siad tarraingt thart ar dhuine sa ghrúpa!). Mínigh do dháltaí gur seo an "saoránach éifeachtach" a bheidh acu.
- 2 Iarr orthu machnamh ar chuid de na saintréithe a bheadh ag an saoránach seo agus chun iad seo a úsáid le baill éagsúla an choirp a lipéadú (msh súile a thugann níos mó ná dath craiceann duine faoi deara, cluasa a éistean le barúlacha daoine eile, sciatháin a shíneann amach chun cuidiú le daoine a bhraitheann nach cuid den tsochaí iad srl.).
- 3 Gluais thart agus cuidigh le gach grúpa na saintréithe a shainnithint agus fág go leor ama ag na daltaí an "dearadh" acu a chomhlánú.

Conclúid

Faigh aiseolas ó gach grúpa agus úsáid é seo chun na saintréithe a bhaineann le "saoránach éifeachtach" a fháil. Déan iarracht na saintréithe seo a cheangal den obair a bhí ar bun acu sna ceachtanna ar Shaoránacht Áitiúil agus Dhomhanda agus de na bunchoincheapa saoránachta (msh comhionannas, ceartas sóisialta, ilchineálacht, cuimsitheacht, cearta daonna, daonlathas , srl.).

ACHOIMRE 2 – FIOS . . . MOTHÚ . . . GNÍOMH . . .

Na háiseanna atá de dhíth

- Áiseanna dalta
 - Leathán Achoimre: Féin-athbhreithniú
 - Lipéid *post-it*
 - Páipéar Smeach-chairte

Míniú

Cuir ar taispeáint na leatháin den "saoránach éifeachtach" ón ghníomhaíocht a chuaigh roimhe agus iarr ar na daltaí machnamh ar an dóigh a mbeadh na ceachtanna ar Shaoránacht Áitiúil agus Dhomhanda ina gcuidiú acu chun bheith ina saoránaigh éifeachtacha iad féin. Mínigh do na daltaí gurb é cuspóir an cheachta seo deis a chur ar fáil dóibh dul siar ar a bhfuil foghlamtha le trí bliana anuas acu i Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda agus chun é a roinnt le daoine eile.

Cur chuige

- 1 Tabhair leathán Féin-athbhreithnithe do gach dalta agus iarr orthu iad a chomhlánú as a stuaim féin.
- 2 Roinn na daltaí ina ngrúpaí de cheathrar agus tabhair roinnt lipéad *Post-it* (tuairim is dhá cheann déag) do gach grúpa.
- 3 Iarr ar na daltaí amharc ar a bhfreagraí indibhidiúla féin ar gach ceist agus comhaontú ar dhá fhreagra ar gach ceist ba mhaith leo a roinnt leis an rang. Iarr orthu iad seo a scríobh ar lipéad *Post-it*.
- 4 Cuir leathán de pháipéar smeach-chairte (do gach ceist ar an leathán athbhreithnithe) ar chlár fógraí /bhalla.
- 5 Iarr ar gach grúpa na freagraí *Post-it* acu a chur ar an leathán smeach-chairte is fóirsteanaí.
- 6 Iarr ar gach grúpa siúl thart agus amharc ar na freagraí uile.
- 7 Pléigh na freagraí leis an rang uile agus na ceisteanna seo a leanas in úsáid:
 - Cad iad na freagraí coiteanna a tugadh chun suntais ag an rang uile?
 - Cad iad na pointí tábhachtacha a d'éirigh as na freagraí?

Conclúid

Iarr ar na daltaí bogadh isteach i gciorcal agus am a ghlacadh chun machnamh orthu seo thíos:

- A bhfuil foghlamtha acu faoi shaincheisteanna Saoránachta ("**Fios**")
- Dearcadh ar bith a bhí acu ar tugadh a dhúshlán nó aon scil a forbraíodh sna ceachtanna Saoránachta ("**Mothú**")
- Samplaí de shaincheisteanna áitiúla nó domhanda atá ag cur isteach go mór orthu agus ar mhaith leo rud a dhéanamh faoi dtaobh díobh ("**Gníomh**")

Mar chríoch iarr ar gach dalta freagra a thabhairt ar a s(h)eal ar na ráitis seo a leanas:

- I ngeall ar mo cheachtanna Saoránachta tá **a fhios** agam anois . . .
- I ngeall ar mo cheachtanna Saoránachta anois **motháim** . . .
- I ngeall ar mo cheachtanna Saoránachta is mian liom anois **gníomh** a dhéanamh chun . . .

FAISNÉIS DO MHÚINTEOIRÍ

AGUISÍN 1: COINBHINSIÚN NA NÁISIÚN AONTAITHE UM CHEARTA AN PHÁISTE (CNACP) – FAISNÉIS AGUS CEISTEANNA COITIANTA

"Céad a thosaigh amach agus gan cearta ar bith, nach mór, ag páistí, anois ag teacht chun deiridh agus an ionstraim dhlíthiúil is cumhachtaí amuigh acu, ionstraim a thugann aitheantas agus cosaint araon dá gcearta daonna." - **Carol Bellamy**, Stiúrthóir Feidhmiúcháin UNICEF

Daonchearta páistí agus na caighdeáin nach mór a bheith mar aidhm ag gach rialtas chun na cearta seo a bhaint amach do gach aon pháiste, leagtar amach go beacht agus ina n-iomláine iad in aon chonradh cearta daonna idirnáisiúnta amháin: an Coinbhinsiún um Chearta an Pháiste. Tá an Coinbhinsiún ar an ionstraim chearta daonna is mó a raibh glacadh leis riamh i stair an domhain - agus é daingnithe ag gach tír ar domhan, amach ó dhá cheann - agus tugtar den chéad uair riamh, mar sin, áit lárnach uathúil do pháistí sna hiarrachtaí chun cearta daonna a chur i bhfeidhm ar bhonn uilíoch. Tríd an ionstraim seo a dhaingniú, tá tiomantas tugtha ag rialtais náisiúnta go ndéanfaidh siad cearta páistí a chosaint agus a chinntiú agus go bhfuil siad sásta bheith freagrach as an tiomantas seo os comhair an phobail idirnáisiúnta.

Bunaithe ar chórais dhlíthiúla agus ar thraidisiúin chultúrtha éagsúla, is é atá sa Choinbhinsiún um Chearta an Pháiste ná sraith de chaighdeáin agus de dhualgais dhoshannta a bhfuil comhaontú uilíoch aici. Leagtar amach ann na bunchearta daonna atá ag páistí i ngach aon áit - gan idirdhealú: ceart marthanais; an ceart forbairt ina n-iomláine; ceart cosanta ó thionchair dhochracha, ó mhí-úsáid agus ó dhúshaothrú; agus an ceart chun páirt iomlán a ghlacadh i gcúrsaí teaghlaigh, cultúrtha agus sóisialta. Gach ceart a leagtar amach sa Choinbhinsiún, is dlúthchuid de dhínit dhaonna agus d'fhorbairt chomhchuí gach aon pháiste é. Tá cearta páistí á gcosaint ag an Choinbhinsiún trí chaighdeáin a leagan amach i gcúram sláinte; in oideachas; agus i seirbhísí dlíthiúla, sibhialta agus sóisialta. Is tagarmharcanna iad na caighdeáin seo trínar féidir dul chun cinn a mheas. Tá de dhualgas ar stáit atá páirteach sa Choinbhinsiún gach gníomh agus beartas a fhorbairt agus a ghlacadh de lámh bunaithe ar leas iomlán an pháiste.

Is é an Coinbhinsiún um Chearta an Pháiste an chéad ionstraim idirnáisiúnta a bhfuil ceangal dlí leis ina leagtar amach an raon iomlán de chearta daonna - cearta sibhialta agus polaitiúla chomh maith le cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha. Glacadh le dhá Phrótocal Roghnacha (maidir le páistí a bheith gafa i gcoimhlint airm agus páistí á ndíol, striapachas páistí agus pornagrafaíocht páistí), chun forálacha an Choinbhinsiúin a threisiú sna réimsí seo. Tháinig siad i bhfeidhm ar 12 Feabhra agus 18 Eanáir 2002, faoi seach.

1 Cad é atá i gCeist leis an Choinbhinsiún um Chearta an Pháiste?

Sa Choinbhinsiún um Chearta an Pháiste, a glacadh ag na Náisiúin Aontaithe in 1989, leagtar amach na bunchearta daonna a bhfuil páistí i ngach aon áit ina dteideal: ceart marthanais; an ceart chun a n-acmhainneacht choirp agus intinne a fhorbairt ina hiomláine; ceart cosanta ar thionchair a dhéanfadh dochar dá bhforbairt; agus an ceart chun páirt iomlán a ghlacadh i gcúrsaí teaghlaigh, cultúrtha agus sóisialta.

Chun na cearta seo a chosaint tá leagtha síos sa Choinbhinsiún caighdeáin íosta nach mór do rialtais a chur i bhfeidhm chun cúram sláinte, oideachas, agus seirbhísí dlíthiúla agus sóisialta a chur ar fáil do pháistí ina dtíortha.

Tháinig an Coinbhinsiún ar an saol i ndiaidh 10 mbliana de chomhairliúchán agus d'idirbheartaíocht idir oifigigh rialtais, dlíodóirí, daoine profisiúnta i gcúram sláinte, oibríthe sóisialta, oideoirí, grúpaí taca páistí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus grúpaí reiligiúnacha ó gach áit ar domhan.

Is é an Coinbhinsiún seo an conradh um chearta daonna is mó a daingníodh ag tíortha an domhain riamh - 177 tír a bhí ina bPáirtithe Stáit don Choinbhinsiún faoi 15 Lúnasa 1995.

2 Cad chuige a bhfuil gá le doiciméad a chuireann síos ar chearta páistí?

Cé go bhfuil dlíthe maidir le cearta páistí ag náisiúin go leor, is é fírinne an scéil é go bhfuil barraíocht náisiúin ann nach gcomhlíonann na caighdeáin íosta acu féin sna réimsí seo. Tá páistí buailte ag bochtaineacht, easpa dídine, mí-úsáid, faillí, galair inchoiscthe, rochtain éagothrom ar oideachas, agus córais cheartais nach n-aithníonn na sainriachtanais atá acu; is minic gur páistí ó ghrúpaí mionlaigh is mó a bhíonn buailte. Tarlaíonn na fadhbanna seo i dtíortha tionsclaithe agus i dtíortha i mbéal forbartha araon.

Tríd an Choinbhinsiún um Chearta an Pháiste agus an dóigh ar glacadh leis ag an oiread sin tíortha tugtar breis aitheantais do bhundínit dhaonna gach páiste agus don phráinn i leith leas agus forbairt páistí a chinntiú. Leagtar amach go soiléir sa Choinbhinsiún go bhfuil de cheart ag gach páiste buncháilíocht bheatha a bheith acu, agus nach pribhléid de chuid an bheagáin é seo.

3 Cad é mar a shainmhínítear 'páiste' sa Choinbhinsiún?

Sa Choinbhinsiún sainmhínítear 'páiste' mar dhuine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, ach amháin i gcás tíre arb í aois faoi bhun 18 an aois dhlíthiúil aosachta de réir dlí.

4 Cé a chinntíonn go bhfuil caighdeáin an Choinbhinsiúin á gcomhlíonadh ag tíortha?

Ní mór do na rialtais a bhfuil an Coinbhinsiún daingnithe acu tuairisciú don Choiste um Chearta an Pháiste. Ullmhaítear tuairiscí ar staid chearta páistí sa tír acu taobh istigh de dhá bhliain i ndiaidh dóibh an Coinbhinsiún a dhaingniú, agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin.

Tá 10 mball ar an Choiste ó thíortha agus ó chórais dlí dhifriúla atá ar "ardchaighdeán morálta" agus ar saineolaithe iad i réimse chearta an pháiste. Ainmnítear agus toghtar iad ag na rialtais a bhfuil an Coinbhinsiún daingnithe acu ach is ina gcáil phearsanta féin, agus ní mar ionadaí dá dtír, a fheidhmíonn siad.

Tá sé tábhachtach go dtuigtear go ndíríonn Coinbhinsiún ar an méid nach mór do rialtais, seachas daoine aonair, a dhéanamh chun cearta páistí a chinntiú. Cinntíonn an Coiste um Chearta an Pháiste go bhfuil caighdeáin an Choinbhinsiúin maidir le leas páistí agus teaghlach á gcomhlíonadh.

Ní dhéanann an Coiste monatóireacht ar iompraíocht tuismitheoirí aonair. Agus ní ghlacann an Coiste le gearáin ó shaoránaigh, páistí san áireamh, maidir le tuismitheoirí aonair.

5 An mbaineann an Coinbhinsiún um Chearta an Pháiste freagracht i leith páistí ó na tuismitheoirí acu agus níos mó údaráis a thabhairt do rialtais?

A mhalairt ar fad atá fíor. Seasann an Coinbhinsiún le buntábhacht ról na dtuismitheoirí agus déantar tagairt dó arís agus arís eile sa doiciméad. Éilíonn sé go mbeidh meas ag rialtais ar an fhreagracht atá ar tuismitheoirí i leith treoir chuí a chur ar fáil dá bpáistí, ar a n-áirítear treoir ar an dóigh a gcuirfidh páistí a gcearta i bhfeidhm. Agus leagann sé an fhreagracht ar rialtais chomh maith i leith cosaint agus cúnamh a sholáthar do theaghlaigh chun an bun-ról acu mar chothaitheoirí páistí a chomhlíonadh.

Ailt ón Choinbhinsiún:

Beidh meas ag Páirtithe Stáit ar fhreagrachtaí, chearta, agus dhualgais tuismitheoirí..., i leith stiúir agus treoir chuí a thabhairt dá bpáiste, ar dhóigh atá ag teacht le cumais éabhlóideacha an pháiste, agus na cearta a aithnítear sa Choinbhinsiún faoi láthair á gcur i bhfeidhm ag an pháiste. (Alt. 5)

Déanfaidh Páirtithe Stát gach dícheall lena chinntiú go n-aithneofar an prionsabal go bhfuil comhfhreagrachtaí ar an dá tuismitheoir araon maidir le tógáil agus forbairt an pháiste. Is ar tuismitheoirí nó ar chaomhnóirí dlíthiúla, más amhlaidh an cás, atá an bhunfhreagracht an páiste a thógáil agus a fhorbairt . . . (Alt. 18. 1)

Tabharfaidh Páirtithe Stát an cúnamh cuí do tuismitheoirí agus do chaomhnóirí dlíthiúla i leith a ndualgas tógáil pháistí a chomhlíonadh agus cinnteoidh siad go ndéanfar forais, saoráidí agus seirbhísí le haghaidh cúram páistí a fhorbairt. (Alt. 18.2)

6 In Alt 12 deirtear go bhfuil de cheart ag páistí a mbarúlacha a chur in iúl sna cúrsaí uile a bhaineann leo. An gciallaíonn sé seo go dtig le páistí a insint dá dtuismitheoirí cad é a chaitheadh siad a dhéanamh?

Ní chiallaíonn. Is é is aidhm don alt seo ná daoine fásta a spreagadh chun éisteacht le barúlacha páistí agus páirt sa chinnteoireacht a thabhairt dóibh - níl i gceist go mbeadh údarás ag páistí ar dhaoine fásta. Ní chuireann Alt 12 isteach ar cheart agus ar fhreagracht tuismitheoirí a mbarúlacha ar chúrsaí a bhaineann lena bpáistí a chur in iúl.

Agus an ceart atá ag páistí a mbarúlacha a nochtadh i gcúrsaí a bhaineann leo á chur chun cinn sa Choinbhinsiún, aithnítear ann go gcaithfidh an rannpháirtíocht seo tarlú ar dhóigh atá ag teacht le leibhéal aibíochta an pháiste. Is le haois a fhorbraítear cumas páistí barúlacha a bheith acu agus iad a nochtadh agus, ar ndóigh, is túisce a d'éistfeadh duine fásta le barúlacha déagóirí ná le barúlacha páistí réamhscoile agus cinní teaghlaigh, dlíthiúla nó riaracháin á ndéanamh.

San alt seo cuirtear an bhéim ar shaincheisteanna dlíthiúla agus riaracháin. Sa Choinbhinsiún spreagtar tuismitheoirí, breithiúna, oibríthe leasa shóisialaigh nó daoine fásta freagracha eile machnamh ar bharúlacha páistí ar chúrsaí den chineál seo agus an fhaisnéis sin a úsáid le cinní a dhéanamh a bheidh le leas an pháiste. I dtíortha go leor, tá dlíthe ann cheana a éilíonn go gcuirfead barúlacha páistí san áireamh ar shaincheisteanna mar seo.

Ailt ón Choinbhinsún:

Maidir le páiste a bhfuil sé ar a chumas a b(h)arúlacha féin a dhéanamh, forchinnteoidh Páirtithe Stáit don pháiste sin an ceart chun na barúlacha sin a nochtadh saor ó bhac i ngach ní a bhaineann leis an pháiste, agus go dtabharfar an meáchan cuí do bharúlacha an pháiste de réir aois agus aibíocht an pháiste (Alt 12.1)

Chun na críche seo, tabharfar deis cainte don pháiste go háirithe in aon imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin a bhaineann leis an pháiste...(12.2)

7 I bhfocail eile, spreagann an Coinbhinsiún meas i leith daoine eile mar aon le cearta páistí?

Spreagann. Cuireann an Coinbhinsiún in iúl go soiléir ní amháin go bhfuil cearta ag daoine óga, ach go bhfuil freagrachtaí orthu chomh maith meas a léiriú i leith chearta daoine eile, agus i leith chearta a dtuismitheoirí go háirithe. Luann sé forbairt measa i leith thuismitheoir an pháiste, a luachanna agus a gcultúir mar cheann d'aidhmeanna an oideachais. In áit coimhlínt a chruthú idir cearta tuismitheoirí agus cearta páistí, spreagann an Coinbhinsiún atmaisféar ina gcothófar idirphlé agus comhurraim.

Tagann an tsaincheist maidir le meas ar dhaoine eile aníos i roinnt alt. Mar shampla, leagann an Coinbhinsiún síos go bhfuil an ceart cead cainte ag páistí, agus an ceart bualadh le daoine eile nó comhchaidreamh a dhéanamh le daoine eile. Ach maidir le feidhmiú na gceart seo, éilíonn sé nach mór dóibh meas a léiriú i leith cearta, saoirse agus clú daoine eile.

Ailt ón Choinbhinsún:

Aontaíonn Páirtithe Stáit go ndíreofar oideachas an pháiste . . . ar mheas a fhorbairt i leith na nithe seo a leanas: tuismitheoirí an pháiste; a f(h)éiniúlacht chultúrtha, a t(h)eanga agus a luachanna féin; luachanna náisiúnta na tíre ina bhfuil an páiste ina chónaí, an tír ónar tháinig sé/sí; agus sibhialtachaí atá éagosúil lena s(h)ibhialtacht féin. (Alt 29.1c)

Beidh cead cainte mar cheart ag an pháiste. Is féidir go mbeidh srianta áirithe ar fheidhmiú an chirt seo, ach ní bheidh sna srianta seo ach srianta dá bhforáilfear faoin dlí nó a bheidh riachtanach . . . i leith meas ar chearta nó chlú daoine eile . . . (Alt 13.1 agus 2a)

Aithníonn Páirtithe Stáit cearta an pháiste chun cead comhchaidrimh agus saoirse tionóil shíochánta. Ní ceadmhach aon srian a chur ar fheidhmiú na gceart seo seachas na srianta siúd a chuirtear i bhfeidhm de réir dlí agus atá riachtanach . . . ar mhaithe le . . . sláinte nó moráltacht an phobail a chosaint nó cearta agus saoirse daoine eile a chosaint. (Alt75.1 agus 2)

(Foinse: Arna chur in oiriúint ó UNICEF UK)

AGUISÍN 2: CAD IS RANPHÁIRTÍOCHT ANN?

Tá go leor canta faoin dóigh ar chóir go gcuirfeadh Oideachas Saoránachta le rannpháirtíocht daoine óga ar scoil agus sa phobal. Os a choinne sin, áfach, seans maith nach dtuigeann go leor daoine cad é go díreach atá i gceist le 'bheith rannpháirteach'. Agus cothaíonn sé eagla, ina measc siúd a spreagtar le 'bheith rannpháirteach' agus ina measc siúd chomh maith a fheiceann daoine óga á gcumasú chun bheith rannpháirteach. Agus seans maith go ngoilleann sé ar dhaoine soghonta thall agus abhus.

Ceart rannpháirtíochta

Tá ceart rannpháirtíochta daoine óga cumhdaithe in Alt 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Pháiste (CNACP):

"Maidir le páiste a bhfuil sé ar a c(h)umas a b(h)arúlacha féin a dhéanamh, forchinnteoidh Páirtithe Stát don pháiste an ceart chun na barúlacha sin a nochtadh gan bhac i ngach ní a bhaineann leis an pháiste, agus go dtabharfar an meáchan cuí do bharúlacha an pháiste de réir aois agus aibíocht an pháiste."

Ó ghlac tionól ginearálta na Náisiún Aontaithe leis an Choinbhinsiún in 1987, tá daoine fásta tar éis tosú ar níos mó measa agus aire a léiriú i leith barúlacha daoine óga. Ach, is gá daoine óga a spreagadh chun bheith rannpháirteach agus deiseanna a chur ar fáil dóibh chun a mbarúlacha a nochtadh agus a phlé. Lena chois sin, ar nós cách, dá mhéad measa a thugtar dá mbarúlacha, is amhlaidh is mó machnamh a dhéanfaidh siad ar an rud a déarfadh siad. I ngach obair a bhaineann le rannpháirtíocht, tá sé rithábhachtach go mbeidh an múinteoir ina scoth-eiseamláir rannpháirtíochta i rith ama.

Is minic a deir polaiteoirí gur leis na páistí an domhan; réiteoidh siad na fadhbanna a chruthaigh na polaiteoirí srl inniu. Is ráiteas thar a bheith leithleasach é sin a ligeann an lá leis an féin-leas agus leis an chleas caothúlachta agus a bhrúnn siar go dtí an chéad ghlúin eile an fhreagracht maidir leis an fhadhb chomhshaoil nó pholaitiúil iarmhartach a "chealú". Má chreidimid gur leis an chéad ghlúin eile é an domhan, is luaithe a ligimid dóibh bheith rannpháirteach sa phróiseas cinnteoireachta mar is fearr é le gur luaithe a fhoghlaiméoidh siad an dóigh lena mbarúlacha a nochtadh agus le bheith ag obair le daoine eile chun difear a dhéanamh.

Is é atá i gceist le rannpháirtíocht ná ag caint agus ag éisteacht, barúlacha a nochtadh agus éisteacht le barúlacha daoine eile. Féadann sé go mbeifear ag obair i gcomhar le daoine eile chun teacht ar réiteach nó ar chur chuige. Tá níos mó ná bheith i do ghníomhaí i gceist le rannpháirtíocht. Ciallaíonn sé chomh maith deiseanna atá á n-ofráil a thapú, amhail clárú le cumainn chun scil nua a fhoghlaim nó le grúpaí a bhfuil saincheist éigin ag dul i gcion go mór orthu. Cuirtear le féinmheas agus feabhsaítear scileanna sóisialta na ndaoine siúd a bhíonn rannpháirteach. Is minic a nochtáitear go tobann do dhaoine óga "bheith" ar bhealaí eile, dóibh féin agus do dhaoine eile araon.

(Foinse: Cad is Rannpháirtíocht ann? UNICEF UK 2004)

AGUISÍN 3: DRÉIMIRE NA RANNPHÁIRTÍOCHTA

Socraíonn páistí cad é atá le déanamh. Ní ghlacann daoine fásta páirt ach amháin nuair a iarrann páistí cuidiú.

Bíonn páistí chun tosaigh sa chinnteoireacht le cuidiú ó dhaoine fásta.

Socraíonn daoine fásta agus páistí le chéile ar bhonn comhionannais.

Téann daoine fásta i gcomhairle le páistí agus déantar dianmhachnamh ar a mbarúlacha. Daoine fásta a dhéanann cinneadh ansin, agus na barúlacha uile á gcur san áireamh.

Fáiltíonn daoine fásta roimh smaointe na bpáistí ach déanann cinní as a stuaim féin.

Socraíonn daoine fásta cad é atá le déanamh. Ligtear do pháistí mionghnéithe áirithe a chinntiú ina dhiaidh sin.

Socraíonn daoine fásta cad é atá le déanamh, glacann páistí páirt trí cheol, dhamhsa nó trí fheidhmeanna deasgnácha a dhéanamh.

Socraíonn daoine fásta cad é atá le déanamh agus fiafraíonn de pháistí an aontaíonn siad (caithfidh páistí aontú).

Déanann daoine fásta na cinní uile, deirtear le páistí cad é atá le déanamh agus tugtar cúis agus míniú dóibh.

Déanann daoine fásta na cinní uile, ní insítear a dhath do pháistí ach cad é a chaithfidh siad a dhéanamh.

Ní thugtar cuidiú ná aird ar bith do pháistí. Déantar neamhaird orthu.

AGUISÍN 4: STRAITÉISÍ DRÁMAÍOCHTA

Ionsamhlú

Is é atá i gceist le hionsamhlú go gcuirtear i suíomh thú a d'fhéadfadh tarlú duit i bhfírinne. Iarrtar ort ról-imirt a dhéanamh ar an dóigh, dar leat, a bpléifeá leis an chás dá dtarlódh sé duit i bhfírinne.

Múinteoir-i-ról

Mar "mhúinteoir-i-ról" tá deis agat ról a ghlacadh chugat féin san ionsamhlú agus dul i gcion ar an ghníomh ón taobh istigh seachas ón taobh amuigh. Féadann an straitéis seo a bheith an-úsáideach agus tú ag obair le daltaí atá ar easpa muiníne. Glacann an múinteoir ról áirithe chuige/chuici féin agus úsáideann an ról sin chun siúl a choinneáil faoin ghníomh. B'fhéidir gur mhaith leis an mhúinteoir níos mó ná ról amháin a ghlacadh chuige/chuici féin ag céimeanna difriúla. Ach, tá sé tábhachtach go dtuigeann na daltaí cá huair atá an múinteoir i ról. Is gá barúil éigin faoin ról a bheith ag an mhúinteoir.

Suíochán te

Is straitéis mhaith é an suíochán te chun cuidiú le daltaí tuiscint éigin a fháil ar an ról atá á imirt acu. Le linn na gníomhaíochta seo beidh deis acu imsrúdú níos mine a dhéanamh ar a gcarachtar agus a ról. Don cheacht seo, ba chóir go mbeadh daltaí ina suí i ngrúpaí de cheathrar nó mar sin le duine amháin agus a aghaidh leis an triúr eile. Glacann an duine sa suíochán te chuige/chuici féin ról a c(h)arachtair. Cuireann an chuid eile den ghrúpa ceisteanna ar an duine faoina gcarachtar. D'fhéadfadh sé cuidiú le daltaí deis a bheith acu taighde a dhéanamh ar a gcarachtar sula gcuirtear sa suíochán te iad. Ba chóir seal a bheith ag gach duine sa suíochán te go dtí go mbeidh tuiscint níos fearr acu ar a gcarachtar agus ar an pháirt a bheadh le himirt acu san ionsamhlú/ról-imirt.

AGUISÍN 5: SCRÍBHNEOIRÍ

Arna scríobh, arna chur in eagar agus arna thiomsú ag:

Anne-Marie Poynor	Bord Oideachais agus Leabharlainne an Iarthair
Bernie Boyle	Ollscoil Uladh, Cúil Raithin
Bernie Kells	CCSM
Brenda Banks	Bord Oideachais agus Leabharlainne an Oirthuaiscirt
Cheryl Stafford	Bord Oideachais agus Leabharlainne an Oirdheiscirt
Clare McAuley	CCSM
John McCusker	Bord Oideachais agus Leabharlainne Bhéal Feirste
June Neill	Bord Oideachais agus Leabharlainne an Iarthair
Lesley McEvoy	Bord Oideachais agus Leabharlainne an Oirdheiscirt
Sheelagh Deane	Bord Oideachais agus Leabharlainne an Deiscirt

AGUISÍN 6: BUÍOCHAS

Ba mhaith le CCSM buíochas a ghabháil leis na grúpaí seo a leanas as an chomhoibriú agus an tacaíocht a chuir siad ar fáil:

Action Aid

Ionad Dlí Páistí

Save the Children

UNICEF UK

Ba mhaith le CCSM buíochas a ghabháil, chomh maith, leis na daoine seo a leanas as na moltaí agus an chomhairle a chuir siad ar fáil:

Aine McMullan	Ionad um Oideachas Domhanda
David McConnell	Age Concern
Deirdre Coffey	Red Cross
Fiona Murphy	Amnesty N.I.
Geraldine O’Kane	UNICEF
Grainne Kelly	Democratic Dialogue
Heather Cardinale	Public Achievement
Jane Williams	MAGNI
Majella Corrigan	NIA
Marina McConville	NIA
Patrick Speight	BBC
Robin Wilson	Democratic Dialogue

